**An Bord Iniúchóireachta**
**Cruinniú ag 6:30pm Dé Domhnaigh 16 Bealtaine 2021 – Miontuairiscí**

I láthair: Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Patricia Sheehan, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird
Dave Tierney, Speisialtóir TFC

**1. Glacadh leis an gclár oibre**

Bhí cruinniú neamhsceidealta ag an mbord iniúchóireachta trí ghlao comhdhála chun plé a dhéanamh ar na gníomhartha maolaithe d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca méadaitheach a bhaineann leis an gcibirionsaí ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ar an bhfaisnéis a bhí ag teacht chun cinn maidir le hionsaí den chineál céanna ar an Roinn Sláinte.

**2. An t-eolas is deireanaí ón speisialtóir TFC**

Thug an speisialtóir TFC an t-eolas is deireanaí don bhord, á rá go bhfuil sé ag obair le hOifig Príomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OPFR) chun a chinntiú nach bhfuil córais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OARCC) i mbaol agus ag déanamh athbhreithniú ar an bhfaisnéis a malartaíodh le foirne iniúchóireachta agus le cliaint a raibh drochthionchar orthu. Go dtí sin, níor tháinig an speisialtóir TFC ná OPFR ar aon ábhar imní. Bhí an síneadh comhaid ar leith a úsáideadh sa chibirionsaí ar FSS ar liosta dubh OPFR le tamall anuas. Níl sé deimhnithe ag OPFR fós, áfach, cathain a cuireadh an liosta dubh sin i bhfeidhm. Ciallaíonn 'cur ar liosta dubh' gur cheart nach mbeadh na ceangaltáin sin in ann dul chomh fada le boscaí isteach ríomhphoist mura n-athraítear an síneadh comhaid nó mura bhfuil rogha eile in úsáid. Mar sin féin, gheall an Bord Iniúchóireachta go meabhródh sé d'fhoireann uile OARCC bheith san airdeall ina leith.

Má tá córais OPFR curtha i gcontúirt cheana féin, is dócha go ndúnfaidh OARCC an córas síos nó go d'fhéadfadh sé a leithéid a dhéanamh mar bheart coisctheach.

**3. Na chéad chéimeanna eile**

Dheimhnigh an Leas-Stiúrthóir gur gheall sí Dé hAoine dul i dteagmháil leis an bhfoireann ar fad roimh mhaidin Dé Luain. Dá bharr sin, bhí ríomhphost le seoladh chuig gach ball foirne, agus phléigh an bord ábhar na cumarsáide. Chinn an bord gur cheart Tusla, an Roinn Sláinte agus cúig ospidéal alt 38 de chuid FSS a chur ar áireamh chomh maith. Ba cheart an ríomhphost a sheoladh ansin, agus comhairle á tabhairt don fhoireann gan ceangaltáin ná comhaid a d'fhéadfaí a roinnt trí HIVE nó tríd an tairseach shlán comhroinnte comhad ó na gníomhaireachtaí sin a oscailt.

Dheimhnigh an speisialtóir TFC go bhfuil na huimhreacha teagmhála éigeandála á seiceáil aige le OPFR ionas go mbeadh an bord cinnte de nach mbeadh aon mhoill ama i bhfeidhm i gcás aon fhaidhbe le córas OGCIO.

D'fhiafraigh an Rúnaí an bhféadfaí dul i dteagmháil leis an bhfoireann ar fad i gcás go ndúnfaí córas OPFR síos. Leanfaidh córas foláirimh téacs OARCC ag oibriú má dhúntar líonra OPFR síos. D'fhiafraigh an Rúnaí maidir le rochtain ar shuíomh Gréasáin OARCC i gcás an córas a bheith dúnta. Dheimhnigh an Leas-Stiúrthóir go gceadóidh seoladh ríomhphoist seachtrach lasmuigh

de chóras OPFR do OARCC an suíomh Gréasáin a nuashonrú chun críocha faisnéis a thabhairt do chliaint i gcás go ndúnfaí an córas síos.